

CINNEADH (AE) 2023/672 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH
an 10 Márta 2023

maidir le tarmhigean na cumhachta chun cinntí a ghlacadh a bhaineann le cigireachtaí ar an láthair agus le himscrúduithe shamhlacha inmheánacha (BCE/2023/5)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE ⁽¹⁾ agus go háirithe Airteagal 99 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 ina dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 11 agus 12 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Maoirseachta Aonair idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán an tSásra Maoirseachta Aonair) (BCE/201417) ⁽³⁾, agus go háirithe Airteagail 143, 144, 145 agus 146 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2017/933 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Samhain 2016 maidir le creat ginearálta chun cumhachtaí cinnteoireachta a tharmhigean le haghaidh ionstraimí dlí a bhaineann le cúraimí maoirseachta (BCE/2016/40) ⁽⁴⁾, agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Faoi chuimsiú Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, cuireann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) i gcrích an cúram eisiach maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus é mar aidhm leis cur i bhfeidhm comhsheasmhach caighdeán maoirseachta a áirithiú, cobhsaíocht airgeadais a chothú agus cothroime iomaíochta a áirithiú.
- (2) De bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, féadfaidh BCE, chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán sin a dhéanamh, na cigireachtaí ar an láthair uile is gá a dhéanamh ar áitreabh gnó na ndaoine dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Rialachán sin agus aon ghnóthais eile a áirítear i maoirseacht ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb é BCE an maoirseoir comhdhlúthaithe i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 4(1) den Rialachán sin.
- (3) De bhun Airteagal 99(1) de Threoir 2013/36/AE, déanann BCE, mar údarás inniúil, cinneadh ó BCE a ghlacadh gach bliain maidir le clár scrúdúcháin maoirseachta (supervisory examination programme (SEP)) (dá ngairtear "cinneadh SCE" anseo feasta) ina bhfuil, inter alia, an plean le haghaidh cigireachtaí ag an áitreabh a úsáideann institiúid, lena n-áirítear a brainsí agus a fochuideachtaí arna mbunú i mBallstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 52, Airteagal 119 agus Airteagal 122 de Threoir 2013/36/AE. Go háirithe, baineann an SEP le cigireachtaí ar an láthair ar riosca, ar rialuithe riosca agus ar rialachas institiúide, agus le cigireachtaí ar an láthair a bhaineann le measúnuithe doimhne ar shamhlacha inmheánacha arna n-úsáid ag institiúid chun ceanglais cistí dílse a ríomh, go háirithe maidir le modheolaíochtaí, oiriúnacht eacnamaíoch, rioscaí, rialuithe riosca agus rialachas.

⁽¹⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

⁽²⁾ IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.

⁽³⁾ IO L 141, 14.5.2014, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 141, 1.6.2017, lch. 14.

- (4) Féadfar cinneadh SEP a leasú le linn na bliana chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghnó oibríochtúla BCE, ar athruithe i staid na n-eintiteas faoi mhaoirseacht nó ar iarrataí ó eintitis faoi mhaoirseacht, agus chun seoladh éifeachtach cigireachtaí pleanáilte a áirithiú. Ní mór leasuithe ar chinneadh SEP a dhéanamh trí chinneadh arna ghlacadh ag BCE. Féadfar foráil a dhéanamh le cinneadh leasaitheach den sórt sin maidir le cigireachtaí formheasta a chur ar ceal, maidir le raon feidhme na n-iniúchtaí atá beartaithe a leasú nó maidir le cigireachtaí breise a chur san áireamh sa SEP don bhliain ar leith. De bhun Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, tugtar fógra don eintiteas dlíthiúil a ndearnadh cigireacht air maidir leis an gcinneadh ó BCE cigireacht ar an láthair nó imscrúdú samhlaigh innmheánacha a dhéanamh sula gcuirfear tús leis an gcigireacht.
- (5) Chun an próiseas cinnteoireachta a éascú agus chun cur ar chumas BCE freagairt go héifeachtúil d'athruithe i staid na n-eintiteas faoi mhaoirseacht a dhéanamh difear d'iompar agus do raon feidhme na gcigireachtaí atá beartaithe, tá gá le cinneadh tarmhligin i ndáil le cinntí den sórt sin lena leasaítear cinntí SEP a ghlacadh. Ba cheart go gceadófaí le cinneadh tarmhligin den sórt sin cásanna ina n-áirítear i gcinneadh tarmhligthe aonair leasuithe ar níos mó ná cigireacht amháin atá beartaithe. D'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur gá cumhachtaí a tharmhligean chun go gcumasófar d'institiúid a gceanglaítear uirthi líon suntasach cinntí a ghlacadh a cuid dualgas a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, d'aithin sí gur gá a áirithiú gur féidir le comhlachtaí cinnteoireachta feidhmiú, agus gur prionsabal é sin a bhaineann go dlúth leis na córais institiúideacha uile ⁽⁷⁾.
- (6) Ba cheart tarmhligean cumhachtaí cinnteoireachta a bheith teoranta agus comhréireach, agus ba cheart raon feidhme an tarmhligin a shainiú go soiléir.
- (7) An 24 Meitheamh 2020, chinn an Chomhairle Rialaithe dlúthchomhar a bhunú idir BCE agus Poblacht na Bulgáire ⁽⁸⁾. Foráiltear le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 go bhféadfaidh BCE treoracha a sheoladh chuig údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit ábhartha chun cúraimí áirithe a chomhlíonadh i ndáil le hinstitiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, i gcás ina bhfuil dlúthchomhar bunaithe i gcomhréir leis an Airteagal sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na treoracha sin a áireamh i measc na ngníomhartha a fhéadfaidh BCE a ghlacadh trí bhíthin tarmhligin chuig cinn aonad oibre de bhun fhorálacha ábhartha an Chinnidh seo.
- (8) Sonraítear le Cinneadh (AE) 2017/933 (BCE/2016/40) an nós imeachta atá le leanúint le haghaidh glacadh cinntí tarmhligin a bhaineann le maoirseacht agus sonraítear leis na daoine a bhféadfaidh cumhachtaí cinnteoireachta a tharmhligean chucu. Ní dhéantar difear leis an gCinneadh sin d'fheidhmiú a chúraimí maoirseachta ag BCE agus tá sé gan dochar d'inniúlacht an Bhoird Maoirseachta dréachtchinní iomlána a mholadh don Chomhairle Rialaithe.
- (9) I gcás nach gcomhlíontar na critéir chun cinneadh tarmhligthe a ghlacadh, mar a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart cinntí a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta neamhagóide a leagtar amach in Airteagal 26(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus in Airteagal 13g de Chinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽⁹⁾. Ina theannta sin, ba cheart an nós imeachta neamhagóide a úsáid freisin i gcás ina mbeidh ábhair inniúil ag ceannairí aonad oibre maidir le comhlíonadh na gcritéir measúnaithe mar gheall ar chastacht an mheasúnaithe nó íogaireacht an ábhair agus i gcás ina mbeidh tionchar díreach ag toradh an mheasúnaithe ábhartha ar chinneadh eile agus, dá bhrí sin, ba cheart don chinnteoir céanna na cinntí a bhreithniú ag an am céanna chun torthaí contrártha a sheachaint.
- (10) Féadfar cinntí maoirseachta ó BCE a chur faoi athbhreithniú riaracháin de bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus mar a shonraítear tuilleadh i gCinneadh BCE/2014/16 ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽⁸⁾ I gcás athbhreithniú riaracháin den sórt sin, ba cheart don Bhoird Maoirseachta tuairim an Bhoird Riaracháin Athbhreithnithe a chur san áireamh agus dréachtchinneadh nua a chur faoi bhráid na Comhairle Rialaithe lena ghlacadh faoin nós imeachta neamhagóide,

⁽⁷⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 23 Meán Fómhair 1986, *AKZO Chemie v an Coimisiún*, 5/85, ECLI:EU:C:1986:328, mír 37; agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 26 Bealtaine 2005, *Carmine Salvatore Tralli v BCE*, C-301/02 P, ECLI:EU:C:2005:306, mír 59.

⁽⁸⁾ Cinneadh (AE) 2020/1015 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Meitheamh 2020 maidir le dlúthchomhar a bhunú idir an Banc Ceannais Eorpach agus Cinneadh (AE) 2020/1015 ón mBanc Ceannais Eorpach agus Българска народна банка (Banc Náisiúnta na Bulgáire) (BCE/2020/30) (IO L 224 I, 13.7.2020, lch. 1).

⁽⁹⁾ Cinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Feabhra 2004 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 80, 18.3.2004, lch. 33).

⁽⁸⁾ Cinneadh BCE/2014/16 an 14 Aibreán 2014 maidir le Bord Riaracháin Athbhreithnithe a bhunú agus a Rialacha Oibríocháin (IO L 175, 14.6.2014, lch. 47).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) tá le “clár um scrúdú maoirseachta” nó “SEP” an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 99(1) de Threoir 2013/36/AE;
- (2) ciallaíonn “cinneadh SEP” cinneadh ó BCE maidir le clár scrúdúcháin maoirseachta;
- (3) ciallaíonn “cigireacht ar an láthair” cigireacht a dhéantar ag áitreabh gnó aon duine de na daoine dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus aon ghnóthas eile a áirítear i maoirseacht ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb é BCE an maoirseoir comhdhlúthaithe i gcomhréir le pointe (g) d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;
- (4) ciallaíonn “imscrúdú inmheánach ar shamhail” cigireacht ar an láthair i ndáil le samhlacha inmheánacha a úsáid chun na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ríomh (*) chun críche cinneadh samhlacha inmheánacha a ghlacadh;
- (5) ciallaíonn “cigireacht” cigireacht ar an láthair nó imscrúdú ar shamhail inmheánach;
- (6) ciallaíonn “cinneadh maoirseachta ó BCE” cinneadh maoirseachta ón mBanc Ceannais Eorpach mar a shainmhínítear i bpointe (26) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17);
- (7) ciallaíonn “eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht” eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht mar a shainmhínítear i bpointe (16) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17);
- (8) ciallaíonn “eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach” eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach mar a shainmhínítear i bpointe (7) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/17) (10);
- (9) ciallaíonn “eintiteas dlíthiúil iniúchta” aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) institiúid shuntasach;
 - (b) institiúid nach bhfuil chomh suntasach agus ar ghlac BCE cinneadh ina leith de bhun phointe (b) d’Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 á rá go bhfeidhmeoidh BCE go díreach na cumhachtaí ábhartha uile dá dtagraítear in Airteagal 6(4) den Rialachán sin;
 - (c) aon eintiteas dlíthiúil eile dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus aon ghnóthas eile a áirítear i maoirseacht ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb é BCE an maoirseoir comhdhlúthaithe i gcomhréir le pointe (g) d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;
- (10) ciallaíonn “acmhainní SAM” comhaltáí foirne BCE agus na húdaráis inniúla náisiúnta a bhfuil an fhoireann chigireachta ar an láthair comhdhéanta díobh i gcomhréir le hAirteagal 144 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17);
- (11) ciallaíonn “cinneadh maidir le cigireachtaí ar an láthair” aon chinneadh ó BCE lena leasaítear an cinneadh formheasta SEP i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na cigireachtaí ar an láthair atá beartaithe;
- (12) ciallaíonn “cinneadh maidir le cigireachtaí ar an láthair” aon chinneadh ó BCE lena leasaítear an cinneadh formheasta SEP i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na cigireachtaí ar an láthair atá beartaithe;
- (13) ciallaíonn “cinneadh tarmलगin” cinneadh tarmलगin mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 3 de Chinneadh (AE) 2017/933 (BCE/2016/40);
- (14) ciallaíonn “cinneadh tarmलगithe” cinneadh tarmलगithe mar atá sainmhínithe i bpointe (2) d’Airteagal 3 de Chinneadh (AE) 2017/933 (BCE/2016/40);
- (15) ciallaíonn “cinn aonaid oibre” na cinn aonaid oibre de chuid BCE a dtarmलगitear an chumhacht chucu cinní a ghlacadh maidir le cigireachtaí ar an láthair agus cinní maidir le himscrúduithe ar shamhlacha inmheánacha;

(*) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

- (16) ciallaíonn “nós imeachta neamhagóide” an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 26(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus a shonraítear tuilleadh in Airteagal 13g de Chinneadh BCE/2004/2;
- (17) ciallaíonn “cinneadh diúltach” cinneadh lena leathnaítear raon feidhme cigireachta ar an láthair atá beartaithe nó imscrúdaithe samhla inmheánaí atá beartaithe, mura rud é go ndéantar an cinneadh sin de bhun iarrata ón eintiteas faoi mhaoirseacht. Measfar gur cinneadh diúltach cinneadh lena ngabhann forálacha coimhdeacha amhail coinníollacha, oibleagáidí nó teorainneacha ach amháin más amhlaidh, maidir leis na forálacha coimhdeacha sin (a) a áirítear leo go gcomhlíonann an t-eintiteas faoi mhaoirseacht ceanglais an dlí ábhartha an Aontais agus a comhaontaíodh i scríbhinn iad, nó (b) nach ndéantar leo ach athshonrú ar cheann amháin nó níos mó de na ceanglais atá ann cheana agus nach mór don eintiteas faoi mhaoirseacht a chomhlíonadh de bhun dlí an Aontais nó faisnéis a éileamh maidir le comhlíonadh ceann amháin nó níos mó de na ceanglais sin;
- (18) ciallaíonn “íogaireacht” saintréith nó toisc a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar chlú BCE agus/nó ar fheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach an tSásra Maoirseachta Aonair, lena n-áirítear aon cheann díobh seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: (a) i gcás ina raibh an t-eintiteas ábhartha faoi mhaoirseacht roimhe seo, nó i gcás ina bhfuil sé faoi réir dianbhearta maoirseachta amhail bearta idirghabhála luath; (b) socrófar leis an dréachtchinneadh a luaithe a ghlacfar é fasach nua a d'fhéadfadh BCE a cheangal amach anseo; (c) féadfaidh an dréachtchinneadh a luaithe a ghlacfar é aird dhiúltach ó na meáin nó ón bpobal a tharraingt; nó (d) má dhéanann údarás inniúil náisiúnta a chuaigh i ndlúthchomhar le BCE a easaontas leis an dréacht-treoracha atá beartaithe a chur in iúl do BCE.

Airteagal 2

Ábhar agus scóip

1. Sonraítear sa Chinneadh seo na critéir maidir le cumhachtaí cinnteoireachta a tharmligean chuig cinn aonaid oibre BCE chun cinntí a ghlacadh maidir le cigireachtaí ar an láthair agus cinntí maidir le himscrúduithe ar shamhlacha inmheánacha.
2. Tá tarmligean na gcumhachtaí cinnteoireachta gan dochar don mheasúnú maoirseachta atá le déanamh chun cinntí maoirseachta BCE a dhéanamh tar éis na cigireachta ar an láthair agus an imscrúdaithe samhla inmheánaí.

Airteagal 3

Tarmligean cinntí maidir le cigireachtaí ar an láthair agus cinntí maidir le himscrúduithe shamhlacha inmheánacha

1. I gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh (AE) 2017/933 (BCE/2016/40), tarmligean an Chomhairle Rialaithe leis seo chuig cinn aonaid oibre, arna n-ainmniú ag an mBord Feidhmiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chinneadh sin, an chumhacht chun cinntí cumhachtaí a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) cigireachtaí ar an láthair de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;
 - (b) imscrúduithe shamhlacha inmheánacha de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.
2. Beidh feidhm ag tarmligean na gcumhachtaí cinnteoireachta de bhun mhír 1 maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) glacadh cinntí ag BCE;
 - (b) glacadh treoracha ag BCE a bheidh dírithe, de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ar na húdaráis inniúla náisiúnta lena bhfuil dlúthchomhar bunaithe ag BCE.
3. Déanfar cinntí maidir le cigireachtaí ar an láthair dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh trí bhíthin cinneadh tarmligthe má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh, mar a leagtar amach in Airteagal 4.
4. Déanfar cinntí maidir le cigireachtaí ar an láthair dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh trí bhíthin cinneadh tarmligthe má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh, mar a leagtar amach in Airteagal 5.

5. Ní ghlacfar cinntí maidir le cigireachtaí ar an láthair agus cinntí maidir le himscrúduithe ar na samhlacha inmheánacha trí bhíthin cinneadh tarmligthe más gá, de bharr chastacht an mheasúnaithe nó íogaireacht an ábhair, go nglacfar iad faoin nós imeachta neamhagóide nó má bhíonn tionchar díreach ag an measúnú maoirseachta ar na cinntí sin ar mheasúnú maoirseachta cinnidh eile atá le glacadh faoin nós imeachta neamhagóide.

6. Ní ghlacfar cinntí diúltacha maidir le cigireachtaí ar an láthair ná cinntí diúltacha maidir le himscrúduithe ar shamhlacha inmheánacha trí bhíthin cinneadh tarmligthe.

Airteagal 4

Critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh a bhaineann le cigireachtaí ar an láthair

1. Ní dhéanfar cinntí maidir le cigireachtaí ar an láthair trí bhíthin cinneadh tarmligthe ach amháin má bhaineann siad le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas agus má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na critéir ábhartha a shonraítear don chatagóir sin.

- (a) Déanfar cinntí den sórt sin trí bhíthin cinneadh tarmligthe mura féidir an chigireacht ar an láthair atá beartaithe a dhéanamh nó mura bhfuil aon chuspóir leis an gcigireacht sin mar gheall ar cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas: (i) athrú ar eagrúchán inmheánach nó ar úinéireacht an eintitis dhlíthiúil a ndearnadh cigireacht air, rud a fhágann go bhfuil sé dodhéanta an chigireacht ar an láthair a dhéanamh, (ii) easpa ullmhachta an eintitis dhlíthiúil a ndearnadh cigireacht air le haghaidh na cigireachta ar an láthair le linn na tréimhse ama atá beartaithe, de réir ráitis an eintitis dhlíthiúil féin a ndearnadh cigireacht air;
- (b) Cinntí lena n-athraítear ainm na n-eintiteas dlíthiúil a áirítear i raon feidhme na gcigireachtaí ar an láthair: déanfar cinntí den sórt sin trí bhíthin cinneadh tarmligthe má tá an cinneadh sonrath le glacadh tar éis (i) athrú ar úinéireacht eintitis dhlíthiúil a ndearnadh cigireacht air a chur in iúl do BCE, nó (ii) athrú ar ainm eintitis dhlíthiúil a ndearnadh cigireacht air;
- (c) Cinntí lena laghdaítear raon feidhme na gcigireachtaí ar an láthair atá beartaithe: déanfar cinntí den sórt sin trí bhíthin cinneadh tarmligthe mura féidir an chigireacht ar an láthair atá beartaithe a dhéanamh laistigh den raon feidhme a bhí beartaithe i dtosach mar gheall ar cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas: (i) easpa acmhainní SMA a bheith ar fáil chun an chigireacht ar an láthair a dhéanamh, (ii) athrú ar eagrúchán inmheánach nó ar úinéireacht an eintitis dhlíthiúil a ndearnadh cigireacht air, rud a fhágann go bhfuil sé dodhéanta an chigireacht ar an láthair a dhéanamh, (iii) easpa ullmhachta an eintitis dhlíthiúil a ndearnadh cigireacht air le haghaidh na cigireachta ar an láthair le linn na tréimhse ama atá beartaithe, de réir ráitis an eintitis dhlíthiúil féin a ndearnadh cigireacht air; (iv) easpa ullmhachta an eintitis dhlíthiúil a ndearnadh cigireacht air le haghaidh na cigireachta ar an láthair sa tréimhse ama atá beartaithe de réir ráitis an eintitis dhlíthiúil féin a ndearnadh cigireacht air;
- (d) Cinntí lena gceartaítear botúin chléireachais agus míchruinnis shoiléire eile sa chinneadh SEP: déanfar cinntí den sórt sin trí bhíthin cinneadh tarmligthe mura ndéanfaidh na ceartúcháin difear do raon feidhme na cigireachta atá beartaithe ar an láthair.

2. Déanfaidh cinn na n-aonad oibre measúnú ar oiriúnacht na leasuithe ar chinneadh SEP maidir le cigireachtaí ar an láthair ag féachaint do chuspóir maoirseachta na cigireachta ar an láthair, don ghá atá le cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil, d'infhaighteacht acmhainní SSM agus d'aon fhorbairt ábhartha a dhéanann difear don eintiteas dlíthiúil a ndearnadh cigireacht air.

Airteagal 5

Critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh a bhaineann le himscrúduithe shamhlacha inmheánacha

1. Ní dhéanfar cinntí maidir le himscrúduithe shamhlacha inmheánacha trí bhíthin cinneadh tarmligthe ach amháin má bhaineann siad le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas agus má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na critéir ábhartha a shonraítear don chatagóir sin.

- (a) Cinntí lena gcuirtear imscrúduithe shamhlacha inmheánacha atá beartaithe ar ceal: déanfar cinntí den sórt sin trí bhíthin cinneadh tarmligthe má tá an cinneadh sonrath le déanamh i gcomhréir le heintiteas dlíthiúil a ndearnadh cigireacht air (i) cúlghairm iarratais ar úsáid tosaigh nó ar athrú ábhartha nó síneadh ar shamhlacha inmheánacha (dá ngairtear "iarratas" anseo feasta), (ii) iarratas a leasú, (iii) iarraidh ar an gcinneadh maidir le hiarratas a chur siar;

- (b) Cinntí lena n-athraítear ainm na n-eintiteas dlíthiúil a áirítear i raon feidhme na n-imscrúduithe shamhlacha inmheánacha: déanfar cinntí den sórt sin trí bhíthin cinneadh tarmligthe má tá an cinneadh sonrach le glacadh tar éis (i) athrú ar úinéireacht eintitis dhlíthiúil a ndearnadh cigireacht air a chur in iúl do BCE, nó (ii) athrú ar ainm eintitis dhlíthiúil a ndearnadh cigireacht air;
- (c) Cinntí lena leasaítear raon feidhme na n-imscrúduithe shamhlacha inmheánacha atá beartaithe: déanfar cinntí den sórt sin trí bhíthin cinneadh tarmligthe má dhéantar an cinneadh sonrach i gcomhréir le cúlghairm nó leasú iarratais ag eintiteas dlíthiúil a ndearnadh cigireacht air;
- (d) Cinntí lena gceartaítear botúin chléireachais agus míchruinnis shoiléire eile sa chinneadh SEP: déanfar cinntí den sórt sin trí bhíthin cinneadh tarmligthe mura ndéanfaidh na ceartúcháin difear do raon feidhme na n-imscrúduithe shamhlacha inmheánacha atá beartaithe.

2. Déanfaidh cinn na n-aonad oibre measúnú ar oiriúnacht na leasuithe ar chinneadh SEP maidir le himscrúduithe shamhlacha inmheánacha ag féachaint don iarratas a thíolaic an t-eintiteas dlíthiúil a ndearnadh cigireacht air lena spreagtar na himscrúduithe, don ghá atá le himscrúduithe a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil, d'infhaighteacht acmhainní SSM agus d'aon fhorbairt ábhartha a dhéanann difear don eintiteas dlíthiúil a ndearnadh cigireacht air.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 10 Márta 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE
